ÓGRAS

DON GHAEILGE • DON ÓIGE

**Treoir maidir le gnáth nósanna imeachta i gcúrsaí airgeadais Ógras**

**Sonraí Banc :** Cuntas: Ógras
Cód: 93 –10 – 47
Uimhir cuntas 94601185
Banc Aontas na hÉireann, 100/101 Sráid Grafton,
Baile Átha Cliath 2

**Socruithe inmheánach maidir le háiseanna a chur in áirithe nó ábhar a cheannach don eagraíocht:**

- Déanfaidh na hOifigigh Forbartha/Tionscnamh (OF)na chéad fiosruithe maidir le dreamanna / áiseanna a bheithfear ag úsáid do champaí, do cúrsaí, do thurasanna nó d'imeachtaí Ógras
- Lorgóidh siad costas na hoibre/áis i scríbhinn nó ar an fón ag brath ar an chostas. (Féach Polasaí Soláthar/Procurement Policy)
- Cuirfidh siad é seo in iúl do Stiúrthóir Ógras
- Nuair a thagann an sonrasc isteach tar éis an chúrsa/imeacht/campa/turas, breathnóidh OF air ar dtús le cinntiú go bhfuil sé ag cloí leis an chostas a bhí aontaithe
- Cuirfidh siad an sonrasc ar aghaidh chuig an Stiúrthóir ansin
- Cuirfidh an Stiúrthóir an sonrasc i bhfillteán – Billí le híoc go dtí go bhfuil sé íoctha
- Chomh maith le sin déantar gach bille a uaslódáil go Dext (Aip le haghaidh admhálacha a stóráil atá ceangailte isteach leis an bogearra Zero atá in úsáid ag cuntasóirí Bradán)
- Tríd an Aip tá gach caiteachas leithdháilte de réir an deontas lena mbaineann sé m.sh Scéim Deontas Seirbhísí Óige; Foras na Gaeilge; Scéim Deontas Caipiteal srl.

## Ag íoc bille go leictreonach

- Thig leis an Stiúrthóir íocaíochtaí a chur suas ar IBB.
- Ina dhiaidh sin caithfidh an Stiúrthóir teagmháil a dhéanamh leis an Chathaoirleach, An Cisteoir nó an Rúnaí agus a chur in iúl dóibh go bhfuil íocaíochtaí ar IBB atá réidh le híoc.
- Caithfidh an Cathaoirleach/Rúnaí/Cisteoir logáil isteach agus na híocaíochtaí ar fad a cheadú/údarú má tá siad sásta leo.
- Tá cead ag an Stiúrthóir íocaíochtaí suas go €500 a dhéanamh gan gá don dara duine é a cheadú/údarú.

**Ag íoc le seic**

- Tá gá le dhá shíniú ar gach seic a scriosfar
- Nuair atá an seic scríofa agus an bille déantar nóta d' uimhir na seice ar an sonrasc agus an dáta air a raibh sé scríofa.
- Seoltar an seic ar aghaidh go dtí an té lena mbaineann sé.
- Cuirtear an bille/admháil suas ar Dext (mar atá luaite thuas)
- Níl cead ag aon bhall foirne seachas an Stiúrthóir seiceanna a scríobh nó a shíniú
- Níl féidir seic a eisciú gan bille/sonrasc a bheith faighte roimh ré
- Ní dhéantar aon íocaíochtaí le airgead tirim
- Beidh ceathrar sínitheoir ar chuntas Ógras agus beidh gá do bheirt acu seo na seiceanna a shíniú
- De ghnáth is iad An Cathaoirleach, An Rúnaí, An Cisteoir agus an Stiúrthóir a bhíonn mar shínitheoirí

**Airgead Isteach**

- Is gá an t-airgead a lóisteáil i gcuntas Ógras chomh luath agus is féidir – sonraí le seo.
- Más rud é nach féidir an tairgead a lóisteáil ar an lá go dtagann sé isteach beidh sé curtha i dtarraiceán faoi ghlas go dtí go bhfuil sé tógtha go dtí an banc
- Cuirtear admháil amach chuig an chlub/duine a sheol an t-airgead ar aghaidh
- Aon litir nó nóta a thagann leis an litir cuirtear i bhfillteán é don taifead
- I gcás go bhfaigheann baill foirne airgead ag imeacht/turas/cúrsa srl. is gá na céimeanna seo a leanas a thógáil
    - I) Féach ar na seiceanna le cinntiú cé mhéad atá ann agus scríobh síos an tsuim ar an chlúdach
    - II) Más airgead tirim atá ann caithfear é a chomhaireamh os comhar an cheannaire/tuismitheoir nó pé duine a thugann duit é – arís ba chóir an méid a scríobh síos ar an chlúdach
    - III) Ba chóir an tairgead/seiceanna a choimeád in áit sábhailte go dtí go bhfuil sé curtha i gcuntas Ógras nó seolta chuig an Stiúrthóir.
    - IV) Tar éis don airgead a bheith curtha i gcuntas Ógras is gá scéala a chuir ar ríomhphost chuig An Stiurthóir ag cur in iúl dóibh cé mhéad a bhi lóisteáilte nó curtha sa phost chuig Ógras. (Is gcás airgead tirim níor chóir é a sheoladh sa phost).

**Foirmeacha Iarratais Deontais/Maoiniú**
**Faigheann Ógras maoiniú ó na foinsí seo a leanas ar bhonn bliantúil:**

I) Scéim Deontas na Seirbhísí Óige ag an Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

II) Scéim Deontas Caipiteal ag an RLCMLÓ

III) Ciste Ceartas Aeráide ag an RLCMLÓ

IV) Scéim na n-Imeachtaí Óige ag Foras na Gaeilge

V) Scéim na gCampaí Samhraidh ag Foras na Gaeilge

VI) Scéim na gCampaí Gaeltachta ag Muintearas/Óige na Gaeltachta

VII) Faigheann clubanna Ógras maoiniú ó na Boird Oideachais Oiliúna faoi Scéim na gClubanna Óige agus an Scéim Caipiteal do Chlubanna Óige (Ní féidir leis an

eagraíocht cur isteach ar an mhaoiniú seo – tá sé le haghaidh na clubanna óige amháin ) maoinithe ag an RLCMLÓ

**Scéim Deontas na Seirbhísí Óige**

- Cuireann Ógras iarratas ar mhaoiniú faoi Scéimeanna Deontais Seirbhíse Óige (SDSÓ) chuig an RLCMLÓ timpeall mí Dheireadh Fómhair/Samhain gach bliain. Bhí an dáta curtha siar go 19 Eanáir 2024 i mbliana de bharr athruithe ar an fhoirm.
- Is gá don fhoirm seo a bheith sínithe ag an Chathaoirleach agus an Stiúrthóir
- Íoctar deontas SDSÓ le hÓgras tríd Pobal
- Cuireann Pobal foirm éileamh ar íocaíocht ar aghaidh do gach tréimhse – Eanáir, Márta, Iúil agus Meán Fómhair.
- Bíonn timpeall trí seachtainí chun an fhoirm a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais.
- Níl ag teastáil ach síniú an Stiúrthóra, dáta agus an méid atá a éileamh (suas go 25% den deontas iomlán gach tréimhse) ar an fhoirm seo
- Íoctar an deontas díreach isteach i gcuntas Ógras cúpla seachtain tar éis an fhoirm iarratais a sheoladh ar ais chuig Pobal
- Is gá na cuntais iniúchta a chur go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige roimh an 30 Meitheamh chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí in am leis an eagraíocht
- Caithfear teastas Imréiteach Chánach suas chun dáta a sheoladh ar aghaidh chuig Pobal gach uair a chuirtear éileamh isteach ar íocaíocht (4 huaire sa bhliain).
- Is gá gach doiciméid a bheadh ag teastáil le haghaidh iniúchadh sa todhchaí, a choimeád ar feadh seacht mbliana (féach Retention Policy)

**Deontas Caipiteal Óige**

Cuireadh scéim Deontas Caipiteal Óige ar fáil i 2020, 2021,2022 agus 2023 ach tá sé ráite ag an Roinn leis na hógeagraíochtaí nach mbeidh aon Deontas Caipiteal ar fail i 2024. Bíonn critéir daingean leagtha síos don scéim seo agus is gá cloí go daingean leis na rialacha agus coinníollacha.

**Ciste Ceartas Aeráide**

Ciste nua a fógraíodh i 2020 agus fuair Ógras maoiniú do Thionscnamh Cheartas Aeráide faoi scéim seo i 2020, 2021, 2022 agus arís i 2023.
Arís tá critéir agus coinníollacha soiléir leagtha síos don chiste.

**Scéim na nImeachtaí Óige**

Bíonn an scéim foghraithe timpeall Mí Eanáir nó Feabhra agus is gá an t-iarratas a líonadh isteach ar-líne ó 2023 ar aghaidh agus na cáipéisí cuí a uaslódáil ag an am céanna. De ghnáth bíonn an spriocdháta i Mí Márta/Aibreán.
Critéir na Scéime agus Treoirlínte le haghaidh an fhoirm iarratais a chomhlánú.

**Scéim na gCampaí Samhraidh**

Bíonn an Scéim foghraithe timpeall Mí Eanáir agus is gá an fhoirm iarratais a líonadh isteach ar-líne agus na caipéisí cuí a uaslódáil roimh an spriocdháta i Mí Márta.
Critéir na Scéime agus Treoirlínte le haghaidh an fhoirm iarratais a chomhlánú anseo.

**Scéim na gCampaí Gaeltachta**

Critéir na Scéime agus Treoirlínte maidir le hÁrachas, An Fhoirm Iarratais agus treoir faoi reáchtáil an champa ar fáil ag an nasc seo

**Bord Oideachais Oiliúna – Scéim na gClubanna Óige**
Is féidir le haon chlub óige cur isteach ar dheontas faoi Scéim na gClubanna Óige ach is gá dóibh uimhir CHY a bheith acu nó a bheith cláraithe le eagraíocht naisiúnta agus uimhir CHY na heagraíochta a úsáid.
Tá dualgas ar Ógras a chinntiú go bhfuil an tairgead caite de réir an fhoirm iarratais ag an chlub agus go bhfuil sé caite taobh istigh den scála ama atá ceadaithe.
Is gá don chlub tuairisc a chur chuig an BOÓ roimh dáta faoi leith a bheidh roghnaithe ag an BOÓ (bíonn dátaí áirithe ag na BOÓ timpeall na tíre) gach bliain ag deimhniú go bhfuil an tairgead caite agus briseadh síos a thabhairt ar na míreanna caiteachais.
Tuilleadh eolas agus rialacha ar fáil anseo

**Cuntais agus Buiséad na heagraíochta**
**Dualgais an Stiúrthóra**

1. A chinntiú go bhfuil na cuntais ullmhaithe i gcomhar leis na cuntasóirí Bradán agus an Cisteoir
2. A chinntiú go bhfuil na cuntais iniúchta curtha os comhar an Bhord Stiúrtha soiléir agus éasca a thuiscint.
3. A chinntiú go ndéantar na tuairisceáin bhliantúil a chur ar aghaidh chuig Oifig na gCuideachtaí agus An Rialalaí Carthanais agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim roimh na dáta cuí.
4. Taifead a choinneáil de na tuairisceáin bhliantúil agus scéala a sheoladh chuig Iniúchóirí Ógras má thagann aon athruithe ar na Stiúrthóirí ionas gur féidir leo an teolas faoin chuideachta a uasdátú le Oifig na gCuideachtaí.
5. Liosta Stiúrthóirí suas chun dáta a bheith ag an Rialalaí Carthanais chomh maith.
6. Cuntais Bainistíochta Míosúla a chur os comhar an Bhord Stiúrtha le tacaíocht ó chuntasóirí Ógras - Bradán.
7. Plé leis an fhoireann, na ceannairí agus coistí deonacha maidir le cúrsaí airgeadais an eagraíocht/clubanna
8. Tuairisc a thabhairt don Bhord maidir leis na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le haon tionscnamh nó imeacht nua.
9. Na cuntais iniúchta a chur os comhar an Chruinniú Cinn Bhliana i gcomhar leis an Iniúchóir.

**Dualgais an Bhord**

1. Is gá don Bhord monatóireacht a dhéanamh ó am go ham ar an bhuiséad i gcomhthéacs dul chun cinn na heagraíochta.
2. Is tríd aontú ar buiséad agus monatóireacht rialta an bealach is fearr don Bhord a chinntiú go bhfuil airgead agus acmhainní na heagraíochta a úsáid chun aidhmeanna na heagraíochta a chur chun cinn.
3. Ba chóir don Bhord féachaint ar fhoinsí eile maoinithe don eagraíocht chun todhchaí na heagraíochta a chinntiú agus chun stádas airgeadais na heagraíochta a láidriú.

**Bailiúcháin - Rialacha & Treoracha maidir le Bailiúcháin**

- Caithfidh na boscaí bailiúcháin a bheith séalaithe
- Ba chóir an tairgead a chomhaireamh os comhar an lucht bailiúcháin agus admháil a thabhairt dóibh

- Ba chóir do bheirt nach bhfuil gaolta lena chéile an t-airgead a chomhaireamh agus taifead a dhéanamh den ioncaim
- Ba chóir an tairgead a chur sa bhanc chomh luath agus is féidir gan aon chostais a thógáil as
- Is gá cloí le riachtanais dlíthiúil maidir le bailiúcháin poiblí.

- Is gá cead a fháil ó na Gardaí le haghaidh bailiúcháin poiblí agus tuairisc, sínithe a chur ar ais chucu tar éis an bhailiúchán le rá cé mhéad a bhí bailithe.

**An Polasaí Cúlchiste Airgid**

Is é seo a leanas ár bpolasaí cúlchiste:

Déanfaidh Ógras cúlchiste leordhóthanach a chothú, más féidir, ar mhaithe leis na nithe seo a leanas:

- Caipiteal Oibre (sreabhadh airgid): a chinntiú go bhfuil sreabhadh airgid a dhóthain ag an eagraíocht chun seirbhís sheasmhach a sholáthar agus chun caipiteal oibre a chur ar fáil nuair atá maoiniú íoctha i riaráiste.
- Forbairt: a dhóthain de chúlchiste a choinneáil chun gur féidir an tseirbhís a fhorbairt sa todhchaí de réir éilimh agus riachtanais na ndaoine óga.
- Ciste Teagmhais: a chinntiú go bhfuil a dhóthain de chúlchiste ag an eagraíocht chun deileáil le heachtraí neamhthuartha, m.sh. foinse maoinithe suntasach a chailliúint.
- Ciste Srianta: seo maoiniú nach bhfuil caite ag deireadh na bliana ach atá le caitheamh de réir treoir agus mianta na maoinitheoirí. Ní thig an maoiniú seo a chaitheamh ar rud ar bith eile.

**Síniú:** **Stiúrthóir**

**Dáta: 26 Eanáir 2024**